



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

Scéim um Dheontais do Mhic Léinn 2023

Treoirlínte d'údarás dámhachtana

Ardoideachas – Rannóg Chothromais Rochtana

CLÁR ÁBHAIR

CAIBIDIL

Leathanach

1	Maoiniú le haghaidh tréimhsí staidéir a athdhéanamh – Imthosca eisceachtúla	3
2	Rátaí deontas cothabhála - Ráta deontais cóngarach nó neamh-chóngarach	5
3	Cionroinnt íocaíochtaí - Cúrsaí Cleachtais Gairmiúla Codanna I agus II, Plás Blackhall Clár Teicneora Luathaithe	7

Caibidil 1

Maoiniú le haghaidh tréimhsí staidéir a athdhéanamh - Imthosca eisceachtúla Tagairt: airteagal 15(8) den scéim um dheontais do mhic léinn 2023

Tá rogha ag údarás dámhachtana deontas a dhámhachtain le haghaidh aththréimhse staidéir in imthosca eisceachtúla faoi Airteagal 15(8) den Scéim um Dheontais do Mhic Léinn 2023.

D'fhéadfadh imthosca eisceachtúla teacht chun cinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar mhac léinn ar feadh tréimhse staidéir ar leith nó ar scrúduithe a dhéanamh. Beidh sé riachtanach, mar sin, d'údarás dámhachtana déileáil le gach iarratas ar athmhaoiniú ar bhonn cás ar chás.

Is nithe iad seo a leanas is féidir le húdarás dámhachtana a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige ar cheart dó a rogha féin a fheidhmiú maidir le forálacha Airteagal 15(6) agus (7) den Scéim um Dheontais do Mhic Léinn 2023:

1. Cibé an nádúr na himthosca doiciméadaithe ag an iarratasóir dóthanach chun cur síos orthu mar eisceachtúil.
2. Nuair a tharla na himthosca.
3. An tréimhse ama inar lean na himthosca.
4. An tionchar a bhí ag na himthosca ar,
 - (i) rannpháirtíocht an iarratasóra ar feadh na bliana acadúla iomlána ar a gcúrsa staidéir.
 - (ii) cumas an iarratasóra a gcuid scrúduithe deireadh bliana a dhéanamh.
 - (iii) cumas an iarratasóra a scrúduithe deireadh bliana a dhéanamh/athdhéanamh níos déanaí.
 - (iv) cumas an iarratasóra tionscadail/tráchtas a chur isteach in am.
 - (v) na torthaí ó na scrúduithe a rinneadh.
5. Cibé an raibh tionchar díreach ag na himthosca ar an iarratasóir.

6. Cibé ar tharla na himthosca do thríú páirtí agus, más ea, cén tionchar a bhí acu ar an iarratasóir dá bharr.
7. Cibé an bhfuil fianaise dhoiciméadach a sholáthraíonn an t-iarratasóir leordhóthanach chun tacú le cás an iarratasóra, lena n-áirítear an lean na himthosca eisceachtúla ar aghaidh thar thréimhse shuntasach ama nó nach raibh ann ach imeacht aon uaire.
8. Cibé an bhfuil na himthosca eisceachtúla de chineál a mbeidh tionchar acu ar roghanna gairme an iarratasóra amach anseo.
9. Cibé an dócha go dtarlóidh na himthosca eisceachtúla arís.
10. Aon nithe eile ar nithe cuí iad, i dtuairim an údaráis dámhachtana, le cur san áireamh le linn dó a rogha a fheidhmiú forálacha Airteagal 15(6) agus (7) den Scéim um Dheontais do Mhic Léinn 2023 a tharscaoileadh.

Maidir le Scrúdú na hArdteistiméireachta 2022, beidh mac léinn fós i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúnaimh deontais SUSI maidir leis an tréimhse staidéir chéad bhliana athuair, má chomhlíonann sé na critéir seo a leanas ar fad:

- Rinne scrúduithe na hArdteistiméireachta i 2022;
- Rinneadh achomharc ar cheann amháin nó níos mó dá dtorthaí Ardteistiméireachta go rathúil;
- Fuarthas tairiscint fheabhsaithe CAO de bhun na n-achomharc Ardteistiméireachta seo don bhliain acadúil 2023/24; agus
- Roghnaigh glacadh leis an tairiscint fheabhsaithe CAO sin.

Caibidil 2

**Ráta an deontais chothabhála a chinneadh:
Ráta deontais cóngarach nó neamh-chóngarach
Tagairt: airteagal 27(3)(a) scéim deontas mac léinn 2023**

Íocfar an deontas cothabhála, cibé acu is deontais chothabhála caighdeánacha iomlána agus pháirteacha iad, agus rátaí speisialta an deontais chothabhála ag na rátaí deontais cóngaracha nó neamh-chóngaracha. Cinnfidh an t-údarás dámhachtana an ráta a mbeidh feidhm aige maidir le mac léinn incháilithe.

Rátaí Cóngaracha

Íocfar na rátaí cóngaracha níos ísle i gcás ina gcinneadh an t-údarás dámhachtana gur lú ná 30km an fad ó ghnátháit chónaithe an mhic léinn go dtí an institiúid ina bhfuil an cúrsa ceadaithe ar siúl.

Rátaí Neamh-chóngaracha

Íocfar na rátaí neamhthadhlacha níos airde i gcás ina gcinneadh an t-údarás dámhachtana gurb é 30km nó níos mó an fad ó ghnátháit chónaithe an mhic léinn go dtí an institiúid ina bhfuil an cúrsa ceadaithe ar siúl.

ciallaíonn “*gnátháit chónaithe*” áit chónaithe iondúil an mhic léinn. Do dhalta cleithiúnach is é a sheolfar buan nó seoladh baile thuismitheoirí an dalta chleithiúnaigh a bheidh aige. I gcás mac léinn neamhspleách, is é seoladh buan nó seoladh baile an mhic léinn neamhspleách a bheidh sa ghnátháit chónaithe.

Treoirínite

Forálann Airteagal 27(3)(a) den Scéim um Dheontais do Mhic Léinn 2023 go ndéanfar an critéar achair a thomhas de réir na dtreoirínite arna gcomhaontú ag an tAire. Leagtar amach sna treoirínite seo a leanas na hábhair a bheidh le breithniú ag an údarás dámhachtana agus na critéir á mbunú le cur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil an ráta deontais cóngarach nó neamh-chóngarach iníoctha.

Is é an bealach is giorra is díri ó ghnátháit chónaithe an iarratasóra go dtí an institiúid ina bhfuil an cúrsa ceadaithe ar siúl.

Chun an bealach is giorra is díri a chinneadh bunóidh an t-údarás dámhachtana:

- an modh chun bealach a thomhas;
- na fachtóirí atá le cur san áireamh agus bealach á bhunú agus á thomhas.

Caithfidh critéir an údaráis dámhachtana chun bealach a thomhas a bheith inrochtana, go háirithe don iarratasóir, don oifigeach achomhairc agus don Bhord Achomhairc le haghaidh Dheontais Mac Léinn.

Caibidil 3

Íocaíochtaí a chionroinnt

Tagairt: airteagal 27(5) den scéim um dheontais do mhic léinn 2023

Is iad seo a leanas na socruithe chun deontais a chionroinnt do mhic léinn atá ag déanamh an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil Codanna I agus II i bPlás Blackhall agus an Clár Teicneora Luathaithe:

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil Cuid I agus II, Plás Blackhall

Táillí Teagaisc

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid I):

Beidh an táille teagaisc iníoctha faoi réir dhá thrían den uasteorainn táille, dá bhforáiltear i Sceideal 4 den Scéim, is infheidhme ar thosach feidhme CCG - Cuid I.

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid II):

Beidh an táille teagaisc iníoctha trían den uasteorainn táille, dá bhforáiltear i Sceideal 4 den Scéim, infheidhme ar thosach feidhme CCG - Cuid II.

Ranníocaíocht Táille Iarchéime

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid I):

Beidh an ranníocaíocht táille iarchéime faoi réir dhá thrían den ráta dá bhforáiltear i Sceideal 4 den Scéim, infheidhme ar thosach feidhme CCG - Cuid I.

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid II):

Beidh an ranníocaíocht táille iarchéime cothrom le trían den ráta, dá bhforáiltear i Sceideal 4 den Scéim, infheidhme ar thosach feidhme CCG - Cuid II.

Deontas cothabhála

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid I):

Beidh dhá thrían den Deontas Cothabhála Ráta Speisialta Iarchéime bliantúil iníoctha ag an ráta reatha atá sonraithe i Sceideal 3 den Scéim.

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (Cuid II):

Beidh aon-trian den Deontas Cothabhála Ráta Speisialta Iarchéime bliantúil iníoctha ag an ráta reatha atá sonraithe i Sceideal 3 den Scéim.

Clár Teicneora Luathaithe

- 1) Beidh na rátaí deontas iníoctha le mic léinn ar Chlár na dTeicneoirí Luathaithe in institiúidí ceadaithe de réir na rátaí atá sonraithe i Sceideal 3 den Scéim.
- 2) Is féidir leis an gclár teicneoirí luathaithe a bheith éagsúil ó thaobh fad, mar sin, íoctar deontas ar bhonn pro rata le mic léinn a thugann faoin gclár ar feadh tréimhse suas go dtí 36 seachtain ar a mhéad in aon bhliain acadúil amháin.

Ní íoctar an deontas cothabhála le linn aon tréimhse socrúcháin íoctha.

Foirmle chun teidlíocht dalta a ríomh:

Roinntear ráta cuí deontais an mhic léinn ar 36 (lín caighdeánach seachtainí i mbliain acadúil) arna iolrú ar líon na seachtainí don chúrsa ATP ar leith (mura bhfuil aon tréimhse socrúcháin íoctha).

Sampla den chaoi a n-oibríonn sé seo go praiticiúil:

ATP le 22 seachtain am téarma:

Tosaíonn an mac léinn ar an gcúrsa i mí Eanáir, maireann an cúrsa 22 seachtain agus tá an mac léinn cáilithe le haghaidh an ráta speisialta deontais chothabhála arb é €2,936 do 2023 é. Bheadh an ríomh mar seo a leanas:

$$€2,936 \div 36 \times 22 = €1,794$$